

**Nuair a bhí Joe dána
Ceacht a hAon**

Naise leis an gCuraclam:		
Gaeilge	Snáitheanna: Labhairt, Scríbhneoireacht	Snáithaonaid: Ag cothú spéise, Ag úsáid teanga, Ag cothú fonn na scríbhneoireachta
Béarla	Snáith: Éisteacht	Snáithaonad: Ag tuiscint agus ag úsáid teanga
OSPS	Snáitheanna: Mise, Mise agus Daoine Eile	Snáithaonaid: Feinaithe, Caidreamh le daoine, Mise agus mo mhuintir

**Gníomhaíocht a hAon – Ag plé an scéil: Nuair a bhí Joe dána
Gníomhaíocht a Dó – Rainbow Fish
Gníomhaíocht a Trí – Leathanach Oibre**

Cuspóirí:

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí an scéal Nuair a bhí Joe dána a phlé, go háirithe cad a tharlaíonn nuair nach mbíonn tú go deas le daoine.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí féachaint ar agus éisteacht leis an scéal Rainbow Fish (ar líne) agus tuairimí a thabhairt ar cad a tharlóidh agus naisc a dhéanamh leis an gcomhthéacs.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí an Leathanach Oibre a líonadh isteach, ag comhlíonadh na dtuiscintí ar mhothúcháin a bheidh pléite sa rang.*

Gníomhaíocht a hAon - Ag plé an scéil: Nuair a bhí Joe dána

- Tabhair cuireadh do na páistí páirt a ghlacadh san Am Ciorcail.
- Iarr ar na páistí smaoiniamh ar Jackie sa scéal Nuair a bhí Joe dána. “*An raibh sí ina deirfiúr mór cineálta sa scéal sin? Ar thug sí grá agus aire dá deartháirín? Cad eile a d’fhéadfadh sí a dhéanamh? An raibh rogha eile aici?*”
- Fiafraigh de na páistí cad a tharlaíonn nuair nach mbíonn muid go deas/cineálta/grámhar le daoine eile cosúil lenár gcairde, teaghlach, daoine eile sa scoil. Pléigh na freagraí.
- *Cad a tharla sa scéal Nuair a bhí Joe dána? An raibh teaghlach Jackie ag iarraidh labhairt léi nó ag iarraidh súgradh léi? Cén fáth?*
- Iarr ar na páistí na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna agus ansin a gcuid freagraí a roinnt leis an rang.

Gníomhaíocht a Dó - Rainbow Fish

- Mínigh don rang go mbeidh sibh ag féachaint ar/ag éisteacht le scéal eile, mar gheall ar iasc nach raibh go deas lena chairde.
- Taispeáin an físeán ar an gClár Bán Idirghníomhach: <http://www.storylineonline.net/the-rainbow-fish/> nó <http://www.youtube.com/watch?v=r9mryuEKkKc>
- Stop an físeán ag pointí áirithe agus lig do na páistí tuairimí a thabhairt ar cad is dóigh leo a tharlóidh anois.

- Ag an deireadh, déan plé leis na páistí ar cad is cara maith/deartháir maith/deirfiúr maith ann.
- Déan plé ar ghníomhaíochtaí an Éisc (Rainbow Fish) ag an tús, sa lár agus ag an deireadh.
- *Dar leat, ar mhothaigh an Rainbow Fish uaigneach nuair nach raibh éinne ag labhairt leis?*
- *Conas a mhothaigh sé nuair a thosaigh sé ag tabhairt amach a chuid dathanna?*
- *Conas a mhothaigh na héisc eile?*
- Tabhair cuireadh do na páistí naisc a dhéanamh leis an scéal ag tabhairt samplaí dóibh: *Is cuimhin liom gur mhothaigh mé uaigneach nuair a ... Is cuimhin liom gur mhothaigh mé brónach nuair a ...*
-

Gníomhaíocht a Trí - Leathanach Oibre

- Taispéain an Leathanach Oibre do na páistí agus déan sampla.
- Críochnaíonn na páistí an Leathanach Oibre ina n-aonar, leis an múinteoir ag tabhairt tacaíochta más gá.